Leigheas an bheatha bás Dé

[McKenna, L.: *Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 95]

1 Leigheas an bheatha bás Dé,
ar mbeatha ’n-a bhás do bhaoi,
geall re beathaidh bás mar é,
grás Dé ní dheachaidh fa dhlaoi.

2 Crú an ochta do ainic iad
’n-a n-aighidh gidh sompla súd;
ní dheachaidh grás t’oidhir d’éag,
créad ar gcás san oighidh úd?

3 [Mó as] domhain do-chóidh i gcriaidh
ar gcobhair [ar cóir] an taoibh
seacht dtroighe dot oidhre i n-uaigh
doimhne do-chuaidh goire ar ngaoil.

4 Dóigh eile dá ndeachadh dhíom
brón ar seathar linne is lór;
ar gcoimhdheine i ndath a déar
sgath i mbéal oirbhire an ógh.

5 A grás t’oidhre dlighim dóigh
gidh leigheas dó coimhdhe cháigh;
tiocfa fuaire a thoile im thaoibh
uaidhe ’n-a gaoibh goile gráidh.

6 Gidh domhain an crannsa id chígh
- damhsa ní docair do réir -
do-chuaidh do ró toile im thaoibh
tar gaoibh cró [san] chroidhe céim.

7 An fhuil nach uaras a luach
do ghuin is uamhan gan fháth;
[an] ghuin chíche dhuid budh díoth,
ní fríoth tríthe acht cuid do chách.

8 An ógh ler ceileadh do cheart
is lór do leigheas mo locht;
deirge ’n-a deoraibh ós t’fhiort
do fheoghaigh sliocht t’fheirge ort.

9 An díol cóir ní aghthair uain,
do chóir is cosmhail gur shín;
déanadh tú éigion madh áil
ní héidior cáir i gcrú an chígh.

10 Ná labhair a léigior dhíot
it aghaidh gur éirigh siad;
ní bheanta íoc oile it éag
dhíot mása tréad oile iad.

11 Long easbhadhach inn gan iul
nar fhill ó mhearughadh mhór;
briseadh síodha dá dtí im thaobh
saor ar ndíona budh hí an ógh.

12 Mór críoch a shuirghe rem shiair
nach fríoth acht le fuighlibh rúin;
do reac aingeal fheis re hóigh,
nír dhóigh leis nar dhaingean dúin.

13 Dá mbeath go dtuillinn gan triall
san teach fa bhfuilim go fuar
meinic ag tochta go teagh ríogh
fear budh díol a obtha uadh.

14 Ar mbuainne rer mbráthair féin
a álaidh uaisle do fhuaigh;
do shín doilghe tinne an taoibh
girre gaoil [an oidhre] uain.

15 Fiu a hóighe mar fhéachadh dhí
ar gcóirne do léigeadh lé;
teach idir ríoghain is rí
ní bhí a leath ag díoghail Dé.

16 An fhuilsin do fhuasgail cách
d’uaisle na fuile [nach] féach;
cionnus do-roighne sé síoth
díoth oidhre más é do fhéach?

17  Síol dá bhfuighthir cobhair cháigh
domhuin do chuiris i gcriaidh;
an dearg do-ríneabhar róinn
cóir míneaghadh dealg ’n-a dhiaidh.

18 Baoghal go bhfoghthar ar bhfaill
ón torchar ler saoradh sinn;
mairg dhuid do ragha do roinn
do chuid chroinn dá [n-agha] inn.

19 Deoch domluis nar dhlighis d’ól
do ibhis dar gcomhdha i gcuan;
beag le ar siair a n-ibhe d’fhíon,

síodh i ndiaidh na dighe is dual.

20 Crú an ochta dá chora i gcruth
nach omhan [ar dtochta] as-teach;
do-bhéaradh t'fhearg eol a-mach
sgath dealg 'n-a beol muna bheath.

21 Nírbh fhiu a fhine a ndearna dhóibh
crú cridhe is dearnonn do dháil;
gidh lór doimhne cneidhe an chígh
reimhe do-chím coimhdhe cháigh.

22 Ar dtocht dar gcoimhdheine i gclí
a oirbhire ag dol fa dhlaoi;
do luigh cóir ar leinbne lé
do-chóidh ré na feirge faoi.

23 Más lá dealaighthe lá an Luain
i n-ar ndeaghaidhne a-tá tóir
a bhfuil do mhoille mná im shiair
biaidh lá na coinne san chóir.

24 Mac óighe nach mac do mhnaoi
ar gcóirne dá char i gclí;
ní mac fíre don óigh é
cóir Dé nó go síne sí.

25 Ní neimhnighe nimh an taoibh
deirgithir libh i ngach láimh;
domhain do cuireadh san chígh
fuigheal shíl do chobhair cháigh.

26 Dá mbeath agra im chionn fan gcíogh
bean dá tagra liom is lór;
cuimhnigh dá dtí thar an taobh
gur daor do fhuilngigh í an ógh.

27 Nír dhual t'éimdheadh d'oidhre Dé
ní foighthe éinbhean mar taoi,
faghthar go maith ar óigh é
cóir Dé munar mhaith do mhnaoi.

28 Guin deilge leat i ngach láimh
mar sheilbh ar mo theacht i dtír;
do chongaibh tú toil an ghaoil
don taoibh as-toigh do chrú an chígh.

29 Gér ghnáth le cách romhuibh riamh
na mná don chonair do chlódh,

dá lucht iomuidh do bhean buadh
an fear do bhual iomuidh ógh.

30 Díon m’agra dob fhiu mo shiur
gan tagra fad chrú do-chím;
ní thug tú i n-aisgidh don óigh
do chóir ar bhfaisgin crú an chígh.

31 Acht t’oidhre i ndeacra far ndíon
nír leaba oircheas an uagh;
beag lé do chodail an chíogh
ar síodh do thogaibh sé suan.

32 A déara deargfhola id dhiaidh
do cheannchodar séala ar sídh;
buain a bosaibh óighe ar t’uaigh
uain fa chosaibh cóire an chígh.